Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Office of the Director of Public Prosecutions

# Ardchaighdeán Seirbhíse ar Gníomhaíochta Plean 2021-2023

© Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (Meitheamh 2021)

# Clár


| | |
|---|---|
| Ráiteas Misin | 2 |
| Ról Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 3 |
| Ár nGeallsealbhóirí | 5 |
| Prionsabail na Seirbhíse ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí | 7 |
| Tiomantais chun Seirbhís ar Ardchaighdeán a Sheachadadh | 9 |
| Mionsonraí Teagmhála | 14 |
| Struchtúr Eagraíochta | 15 |
| Achoimre ar an bPróiseas Ionchúisimh Choiriúil | 16 |

# RÁITEAS MISIN

Seirbhís ionchúisimh a bheidh neamhspleách, cothrom agus éifeachtach a sholáthar thar ceann Phobal na hÉireann

# 1. RÓL OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ

1.1 Bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí faoin Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974. Tagraítear don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí mar an Stiúrthóir.

Tá ceithre phríomhrannán in Oifig an Stiúrthóra:

- Tá an **Rannán Stiúrtha** comhdhéanta d'abhcóidí agus d'aturnaetha a scrúdaíonn comhaid imscrúdaithe choiriúil agus a chinneann cibé ar chóir ionchúiseamh a dhéanamh.
- Tá an **Rannán Aturnaetha** comhdhéanta d'aturnaetha agus d'fheidhmeannaigh dlíthiúla a ullmhaíonn agus a sheolann cásanna thar ceann an Stiúrthóra i ngach suí de na Cúirteanna i mBaile Átha Cliath.
- I **Rannán na Seirbhísí Tacaíochta Ionchúisimh** cuimsítear an tAonad Beartas agus Taighde ina soláthraítear taighde dlíthiúil agus beartais, ina bhforbraítear beartais um ionchúiseamh agus ina dtugtar comhairle faoi dhoiciméid beartas dlíthiúil a chuirtear ar aghaidh chuig an Oifig lena mbreithniú; Aonad na Leabharlainne ina soláthraítear faisnéis agus seirbhísí saineolais don fhoireann dhlíthiúil agus don fhoireann riaracháin araon; Aonad Idirchaidrimh na nÍospartach atá freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an Oifig a hoibleagáidí arna leagan amach i dTreoir AE 2012/29/AE, lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta; agus an tAonad Idirnáisiúnta ina ndéileáiltear le réimsí an dlí choiriúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear eiseachadadh, Barántais Gabhála Eorpacha agus iarratais ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach.
- Tá an **Rannán Seirbhísí Corparáideach**a comhdhéanta de ghráid ghinearálta státseirbhíse agus a sholáthraíonn acmhainní daonna, seirbhísí TF agus seirbhísí tacaíochta eile do na trí rannán dlí..

## 1.2 Cad a dhéanaimid?

Cuireann an Stiúrthóir an dlí coiriúil i bhfeidhm go neamhspleách sna cúirteanna, thar ceann mhuintir na hÉireann; stiúrann agus maoirsíonn sé ionchúisimh phoiblí ar díotáil sna cúirteanna; agus tugann treoir ghinearálta agus comhairle don Gharda Síochána i ndáil le cásanna achoimre agus tugann treoir shainiúil sna cásanna sin nuair a iarrtar é.

Cinneann an Stiúrthóir cibé an gcúisítear daoine i gcionta coiriúla agus cé na cúisimh ba chóir a bheith i gceist. Ó bhíonn cúisimh tionscanta bíonn Oifig an Stiúthóra i gceannas ar an gcás ionchúisimh.

Caithfidh an t-ionchúisitheoir a chinneadh cibé an bhfuil dóthain fianaise ann is féidir a chur os comhair na Cúirte. Mura bhfuil dóthain fianaise ann lena chur ina luí ar an gcúirt go bhfuil an duine ciontach ní leanfar ar aghaidh le hionchúiseamh. Caithfidh an t-ionchúisitheoir cuimhneamh go gcaithfear a chur ina luí ar bhreitheamh nó giúiré thar aon amhras réasúnach go bhfuil duine ciontach. Ní leor a cheapadh gur dócha go ndearna an duine cúisithe an choir. Is easpa fianaise an chúis is coitianta
do chinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh.

I líon beag cásanna, fiú agus go bhféadfadh an fhianaise a bheith láidir, d'fhéadfaí a chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh ar chúiseanna eile. Mar shampla:

- d'fhéafadh sin tarlú i gcás gur ógánach an ciontóir agus gur cás oiriúnach é le déileáil leis faoin gClár Astiúrtha d'Ógánaigh; nó
- i gcás go mbíonn moill fhada ann ó rinneadh an cion; nó
- i gcás go mbíonn sé chun leasa an phobail gur fearr gan ionchúiseamh a dhéanamh.

Glactar gach ionchúiseamh coiriúil ar díotáil in ainm an Stiúrthóra. Is féidir leis na Gardaí coireanna nach bhfuil chomh tromchúiseach a ionchúiseamh in ainm an Stiúrthóra gan comhad a sheoladh chuig Oifig an Stiúrthóra. Nuair a tharlaíonn sé sin bíonn an ceart ag an Stiúrthóir treoir a thabhairt do na Gardaí ar an tslí le déileáil leis an gcás.

Ionchúisíonn an Stiúrthóir i ngach ceann de na cásanna níos tromchúisí agus amanna i gcásanna nach bhfuil chomh tromchúiseach. Éistear na cásanna is tromchúisí os comhair giúiré sa Chúirt Chuarda nó sa PhríomhChúirt Choiriúil nó os comhair painéil de thriúr breithiúna sa Chúirt Choiriúil Speisialta.

## 1.3 Roinntear cásanna coiriúla ina dhá chineál - cionta achoimre agus cionta ar díotáil.

### Cionta achoimre

- cásanna iad nach bhfuil chomh tromchúiseach;
- éisteann breitheamh iad gan giúiré sa Chúirt Dúiche – an chúirt is ísle in Éirinn;
- cásanna nach mbíonn an phianbhreith uasta príosúnachta is féidir le cúisí a fháil d'aon chion amháin riamh níos mó ná 12 mí.

### Cásanna ar díotáil

- cásanna iad atá níos tromchúisí;

- éisteann breitheamh agus giúiré sa Chúirt Chuarda nó sa PhríomhChúirt Choiriúil iad;
- bíonn pionóis níos déine leo má chiontaíonn an chúirt an cúisí – d'fhéadfadh tréimhse go dtí príosúnacht saoil a bheith ann i gcás coireanna áirithe;
- amanna féadfar déileáil leo sa Chúirt Choiriúil Speisialta ag trí bhreitheamh gan giúiré.

1.4 Gníomhaíonn an PríomhAturnae Ionchúisimh mar aturnae don Stiúrthóir agus tá an PríomhAturnae Ionchúisimh mar cheannaire ar an Rannán Aturnaetha in Oifig an Stiúrthóra. Déanann foireann an Rannáin Aturnaetha uiríolla ar an Stiúrthóir i ngach cúirt i mBaile Átha Cliath. Déanann Aturnaetha Stáit Áitiúla uiríolla ar an Stiúrthóir i gcúirteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

### 1.5 NÍ dhéanann Oifig an Stiúrthóra:

- coireanna a imscrúdú – imscrúdaíonn an Garda Síochána agus sainghníomhaireachtaí imscrúdaithe eile coireanna. Nuair bhíonn siad críochnaithe le coir thromchúiseach a imscrúdú seolann siad comhad chuig an Stiúrthóir a chinneann cé na cúisimh atá le tabhairt.
- comhairle dhlíthiúil a thabhairt do dhaoine den phobal. Ba chóir do dhaoine a bhíonn ag lorg comhairle den sórt sin dul i gcomhairle lena gcomhairleoirí féin.

## 2. ÁR NGEALLSEALBHÓIRÍ

### 2.1 Geallsealbhóirí seachtracha

Tá raon leathan geallsealbhóirí ag ár n-oifig agus táimid tiomanta an leibhéal seirbhíse is fearr a sholáthar dóibh mar fhreagra ar a riachtanais aonair. Chun seirbhísí a sholáthar chuig na caighdeáin is airde is ríthábhachtach don Oifig go mbunódh sí agus go gcothabhálfadh sí caidreamh oibre láidir lena geallsealbhóirí ar fad.

Braitheann oibriú éifeachtach na hOifige cuid mhór ar an tslí a n-idirghníomhaíonn a foireann leis na daoine agus leis na heagraíochtaí a bhíonn páirteach sa chóras ceartais coiriúil. Leanfaimid de bheith ag tógáil ar an dul chun cinn as cuimse atá déanta i bhforbairt bealaí éifeachtacha cumarsáide leis na grúpaí sin ar fad. Tá liosta mionsonraithe dá ngeallsealbhóirí ar fáil ar leathanach 7.

Agus seirbhís ionchúisimh á soláthar thar ceann Phobal na hÉireann bíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ag idirghníomhú le gníomhaireachtaí, oifigí agus daoine éagsúla. Tá ár bpríomh-gheallseabhóirí leagtha amach sa chairt seo a leanas:



# 3. PRIONSABAIL NA SEIRBHÍSE ARDCHAIGHDEÁN DO CHUSTAIMÉIRÍ

Agus iad ag déileáil leis na Ranna Státseirbhíse poiblí agus leis na hOifigí Seirbhíse Poiblí beidh na prionsabail seo a leanas maidir le seirbhís do chustaiméirí i bhfeidhm:

## Caighdeáin na Seirbhíse ar Ardchaighdeán

Ráiteas a fhoilsiú a thugann achoimre ar nádúr agus ar ardcháilíocht na seirbhíse lenar féidir lenár gcustaiméirí a bheith ag súil go dlisteanach agus an ráiteas sin a bheith ar taispeáint ag an bpointe seachadta seirbhíse.

## Comhionannas/Éagsúlacht

Na cearta ar chóir chomhionann arna mbunú ag an reachtaíocht chomhionannais a chinntiú, agus soláthar a dhéanamh d'éagsúlacht, ionas go gcuirfear le comhionannas do ghrúpaí atá clúdaithe ag an reachtaíocht (ar na forais inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, creideamh, aois, míchumas, cine agus duine den Lucht Siúil).

Bacainní ar rochtain ar sheirbhísí do dhaoine atá ag fulaingt ó bhochtaine agus eisiamh sóisialta, mar aon leo sin a bhfuil bacainní geografacha ar sheirbhísí rompu, a shainaithint agus oibriú chun deireadh a chur leis na bacainní sin.

## Rochtain Fhisiciúil

Oifigí glana, inrochtaine a sholáthar a chinntíonn príobháideacht, a chomhlíonann na caighdeáin ghairme agus sábháilteachta agus a éascaíonn rochtain do dhaoine faoi mhíchumais agus do dhaoine eile le riachtanais shainiúla.

## Eolas

Cur chuige forchéimneach a ghlacadh i soláthar eolais a bhíonn soiléir, tráthúil, cruinn agus a bheidh ar fáil ag gach pointe teagmhála, agus a chomhlíonann riactanais na ndaoine faoi mhíchumais. A chinntiú go mbaintear leas iomlán as an bpoitéinseal a thairgeann an Teicneolaíocht Faisnéise agus go bhfuil an t-eolas atá ar fáil ar láithreáin ghréasáin na seirbhíse poiblí de réir na dteoirlínte ar fhoilseachán gréasáin.

Leanúint den treallús chun rialacha, rialacháin, foirmeacha, bileoga eolais agus nósanna imeachta a shimpliú.

## Tráthúlacht agus Cúirtéis

Seirbhísí a sheachadadh le cúirtéis agus lena laghad moille is féidir, ag cothú atmaisféir de mheas frithpháirteach idir an soláthróir agus an custaiméir.

Ainmneacha teagmhála a thabhairt i ngach cumarsáid chun éascacht na n-idirbheart leanúnach a chinntiú.

## Gearáin

Córas dea-phoiblithe, inrochtaine, trédhearcach agus éasca le húsáid a chothabháil chun déileáil le gearáin faoi chaighdeán na seirbhísí a sholáthraítear.

## Achomhairc

Ar an tslí chéanna, córas achomhairc/athbhreithnithe foirmiúil, dea-phoiblithe, inrochtaine, trédhearcach agus éasca le húsáid a chothabháil do chustaiméirí a bhíonn míshásta le cinntí i ndáil le seirbhísí.

## Comhchomhairle agus Meastóireacht

Cur chuige struchtúrach i leith chomhchomhairle chiallmhar a sholáthar leis an gcustaiméir, agus rannpháirtíocht ag an gcustaiméir, i ndáil le forbairt, seachadadh, agus athbhreithniú seirbhísí. Meastóireacht chiallmhar ar sheachadadh seirbhísí a chinntiú.

## Rogha

Rogha a sholáthar, nuair is indéanta sin, i seachadadh seirbhíse lena n-áirítear modhanna íocaíochta, suíomh na bpointí teagmhála, uaire oscailte agus tráthanna seachadta. Úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí atá ar fáil agus na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun rochtain uasta agus rogha, mar aon le ardchaighdeán seachadta, a chinntiú.

## Comhionannas na dTeangacha Oifigiúla

Seirbhísí cáilíochta a sholáthar trí Ghaeilge agus/nó go dátheangach agus custaiméirí a chur ar an eolas faoina gceart an rogha a bheith acu go ndéileálfaí leo trí cheann de na teangacha oifigiúla.

## Comhordú Níos Fearr

Cur chuige níos comhordaithe agus níos lánpháirtithe i leith sheachadadh na seirbhísí poiblí a chothú.

## An Custaiméir Inmheánach

A chinntiú go n-aithnítear an fhoireann mar chustaiméirí inmheánacha agus go dtugtar tacaíocht chuí dóibh agus go ndéantar comhchomhairle chuí leo maidir le saincheisteanna a bhaineann le seachadadh na seirbhíse.

## Custaiméirí Inmheánacha

A chinntiú go n-aithnítear baill foirne mar chustaiméirí inmheánacha agus go dtugtar tacaíocht chuí dóibh agus go dtéitear i gcomhairle leo maidir le saincheisteanna seachadta seirbhíse.

# 4. TIOMANTAIS CHUN SEIRBHÍ AR ARDCHAIGHDEÁN A SHEACHADADH AG OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ

## 4.1 CAIGHDEÁIN SEIRBHÍSE AR ARDCHAIGHDEÁN

**Déanfaimid**

- Seirbhís ionchúisimh a sholáthar a bheidh neamhspleách, cothrom agus éifeachtach
- Cairt Seirbhíse ar Ardchaighdeán a fhoilsiú agus a chur ar fáil go forleathan a thugann achoimre ar chaighdeáin ar féidir a bheith ag súil leo ón Oifig seo
- Tiomantas a thabhairt na gníomhartha a bhfuil achoimre orthu sa Phlean Gníomhaíochta a sheachadadh agus meastóireacht a tháirgeadh lena fhoilsiú inár dTuarascáil Bhliantúil
- A chinntiú go mbreithnítear go cúramach do gach ní dá dtagraítear san Oifig seo a bhaineann leis an gcinneadh cibé an ndéantar ionchúiseamh agus seoladh na n-ionchúiseamh
- A chinntiú go ndéileáiltear le gach ní dá dtagraítear san Oifig seo ar shlí chuí agus rúnda
- Cloí leis na caighdeáin ghairmiúla seirbhíse is airde lena n-áirítear iad sin atá leagtha amach i na dTreoirlínte d'Ionchúisitheoirí agus Cód Eitice d'Ionchúisitheoirí; Cód Iompair Bharra na hÉireann; teoirlínte Dhlí-Chumann na hÉireann i ndáil le hiompar gairmiúil aturnaetha; caighdeáin freagrachta gairmiúla Chumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí; agus na caighdeáin atá leagtha amach i moladh Rec 2000 (19) de Choiste Airí Chomhairle na hEorpa ar ról an ionchúisimh phoiblí sa chóras ceartais choiriúil
- Oiliúint a sholáthar ar sheirbhís ar ardchaighdeán don fhoireann

## 4.2 COMHIONANNAS/ÉAGSÚLACHT

**Déanfaimid**

- De réir na gceart ar chóir chomhionann arna mbunú ag an Acht um Stádas Comhionann, 2000
- A chinntiú go n-aithnítear riachtanais éagsúla na ndaoine a soláthraímid seirbhís dóibh

- Oiliúint agus tacaíocht foirne i réimsí comhionannais agus éagsúlacha a shainaithint agus a fhorbairt
- Áit a bheith againn sa Straitéis Acmhainní Daonna a chuireann taca faoi chur chuige nach bhfuil idirdhealaitheach agus an tábhacht atá le feasacht ar mhíchumas
- Feabhas a chur ar ardchaighdeán agus raon na mbealaí rochtana ag baint úsáide as teicneolaíocht faisnéise nua agus teicneolaíocht faisnéise atá ag teacht chun cinn

## 4.3 ROCHTAIN FHISICIÚIL

**Déanfaimid**

- Oifigí glana, inrochtaine a sholáthar a chinntíonn príobháideacht agus a chomhlíonann na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta
- Féachaint go leanúnach le freastal ar dhaoine le riachtanais speisialta
- A chinntiú go dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna rochtana ar shlí éifeachtach agus tráthúil

## 4.4 EOLAS

**Déanfaimid**

- Eolas cothrom le dáta, a bhfuil rochtain éasca air, ar obair na hOifige a sholáthar trí threoirleabhair eolais, tuarascálacha bliantúla, treoirlínte agus foilseacháin eile a fhoilsiú i ngnáth-theanga
- Eolas i ndáil le riarachán ginearálta na hOifige a chur ar fáil. (Tá faisnéis i ndáil le cásanna coiriúla aonair díolmhaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, agus dá bhrí sin ní féidir an fhaisnéis sin a chur ar fáil don phobal.)
- Meas a léiriú ar chearta íospartaigh na coireachta chun faisnéis a fháil faoi mar a leagtar amach sa Treoir ón AE maidir le hÍospartaigh.
- A chinntiú go mbeidh foilseacháin uile na hOifige ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.dppireland.ie
- A chinntiú go dtugtar ár láithreán gréasáin cothrom le dáta go rialta agus go mbíonn rochtain éasca ar eolas
- Gach eolas iomchuí agus tuarascálacha a fhoilsiú ar shlí thráthúil
- Faire a dhéanamh ar fhorbairtí teicneolaíochta le súil agus na modhanna is cothromaí le dáta a úsáid do scaipeadh eolais

- Comhoibriú le gníomhaireachtaí eile sa chóras ceartais choiriúil chun roinnt eolais agus faisnéise a éascú
- A chinntiú go gcuirtear faisnéis trasna i dteanga shoiléir atá éasca le tuiscint
- Treoracha soiléire agus cuimsitheacha a thabhairt dár soláthróirí seirbhíse

## 4.5 TRÁTHÚLACHT AGUS CÚIRTÉIS

**Déanfaimid**

- A chinntiú go ndéileáiltear le gach cumarsáid teileafóin leis an offfice le ar bhealach éifeachtach, tráthúil agus cúirtéiseach
- A chinntiú go ndéileáiltear le gach comhad, fiosrúchán agus ní eile a tharchuirtear chuig an Oifig seo ar shlí thráthúil, mhúinte agus chúirtéiseach
- A chinntiú go dtugann an fhoireann a n-ainm agus a rannóg nuair a fhreagraíonn siad fiosruithe teileafóin
- Ainmneacha teagmhála, uimhreacha teileafóin agus uimhreacha tagartha a sholáthar ar chumarsáid scríofa
- Admháil a thabhairt ar chumarsáid scríofa a fháil
- Freagairt go pras ar chumarsáid. Murar féidir déileáil leis an ábhar go pras eiseofar freagra eatramhach
- Déileáil leis na daoine dá soláthraímid seirbhís le cúirtéis agus breithniú
- Déileáil le híospartaigh agus finnéithe leis an meas agus íogaireacht is mó
- Oibriú leis an nGarda Síochána lena chinntiú go gcoinnítear íospartaigh coireachta go hiomlán ar an eolas faoi fhorbairtí ina gcás
- Cruinnithe réamhtrialach a éascú chun an próiseas trialach a mhíniú nuair a iarrann íospartach coireachta sin. Ní féidir fianaise a phlé le finnéithe roimh an gcás cúirte áfach

## 4.6 GEARÁIN

**Déanfaimid**

- Nós imeachta gearáin trédhearcadh agus éasca le húsáid a bheith ann
- Déileáil le gearáin go pras
- Faireachán a dhéanamh ar ghearáin lena chinntiú go bhfeabhsaítear seirbhísí amach anseo nuair is gá

Má bhíonn gearán agat faoin tslí a oibrímid is féidir leat scríobh chuig:

**Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí**
Bóthar na hOtharlainne,
Baile Átha Cliath 7.

## 4.7 ACHOMHAIRC

**Déanfaimid**

- Ar iarraidh ó íospartach nó duine ciontaithe, nó duine dá dteaghlach, a ndlíodóir, a ndochtúir nó oibrí sóisialta, iarraidh ar athbhreithniú ar chinneadh a bhionn glactha ag an Oifig seo a bhreithniú
- Nuair is cuí iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Achomhairc Choiriúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar phianbhreith a ghearrtar i gcásanna ar triail sa Chúirt Chuarda, sa PhríomhChúirt Choiriúil nó sa Chúirt Choiriúil Speisialta cibé uair a bhíonn pianbhreith sa dlí trócaireach go míchuí
- Iarraidh ó íospartach, nó ó dhuine de theaghlach an íospartaigh, ó dhlíodóir, ó dhochtúir nó ó oibrí sóisialta maidir le hachomharc ar thrócaireacht pianbhreithe a thugann an Chúirt a bhreithniú agus freagra pras a thabhairt ina leith

## 4.8 COMHCHOMHAIRLE AGUS MEASTÓIREACHT

**Déanfaimid**

- Dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ar bhonn leanúnach chun na seirbhísí a sholáthraítear a fhorbairt agus a mhéadú
- Cur le forbairt na seirbhíse ionchúisimh trí bheith rannpháirteach i ngrúpaí oibre idirghníomhaireachtaí agus trasfheidhmeacha
- Suirbhéanna a dhéanamh agus an t-aiseolas a fhaightear a úsáid chun seirbhísí a fheabhsú
- Athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh go leanúnach ar sheachadadh ár seirbhísí lena chinntiú go gcoinnítear na caighdeáin is airde

## 4.9 ROGHA

**Déanfaimid**

- Seirbhís stiúrtha lasmuigh d'uaire oscailte a sholáthar do chomhaltaí den Gharda Síochána
- Seirbhís ionchúisimh a sholáthar i gcúirteanna a shuíonn lasmuigh de na gnáthuaire cúirte
- A bheith tiomanta síneadh a chur leis an rogha atá ar fáil i ndáil le seachadadh ár seirbhísí nuair is indéanta sin

- Teicneolaíocht nua a scrúdú chun bhealaí malartacha áisiúla a fhorbairt chun idirghníomhú linn

## 4.10 ANNAS NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA

**Déanfaimid**

- Gach foilseachán de chuid na hoifige a fhoilsiú go dátheangach
- Leanúint de bheith ag cothabháil ár láithreáin gréasáin i nGaeilge agus i mBéarla
- Cabhrú leat do ghnó a sheoladh trí Ghaeilge
- Ár n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chomhlíonadh
- Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn trí chláir oiliúna agus tionscnaimh eile

## 4.11 COMHORDÚ NÍOS FEARR

**Déanfaimid**

- Leanúint de lánpháirtiú rannán stiúrtha agus rannán aturnaetha na hOifige chun seirbhís ionchúisimh níos comhordaithe agus níos éifeachtaí a sholáthar
- Leanúint de chomhoibriú agus idircheangal le gníomhaireachtaí eile sa chóras ceartais choiriúil ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal idirnáisiúnta araon
- Páirt a ghlacadh i líonraí earnála poiblí iomchuí agus cur leo
- Leanaimid ag déanamh maith dár ngealltanais faoi Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí
- Cur chuige lánpháirtithe a fhorbairt i leith sheachadadh ár seirbhísí tríd an bpróiseas comhpháirtíochta agus trínár ngrúpaí oibre inmheánacha

## 4.12 CUSTAIMÉIRÍ INMHEÁNACHA

**Déanfaimid**

- An fhoireann a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, nuair is cuí, trí úsáid a bhaint as bealaí ábhartha cumarsáide lena n-áirítear inlíon na hOifige.
- Déan soláthar d'oiliúint agus d'fhorbairt foirne ar ardchaighdeán.
- Oiliúint i seirbhís do chustaiméirí agus oiliúint ghaolmhar eile a thairiscint do bhaill foirne a bhíonn i dteagmháil go rialta le baill den phobal agus le híospartaigh na coireachta.
- Suirbhéanna rialta a dhéanamh chun sástacht chustaiméirí inmheánacha a fháil amach agus aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a thagann chun cinn.

# MIONSONRAÍ TEAGMHÁLA


**Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí**
Bóthar na hOtharlainne
Baile Átha Cliath 7
D07 FHN8.

Teil: + 353 1 858 8500
Faics: + 353 1 642 7406
Láithreán Gréasáin: www.dppireland.ie

**An Príomh-Aturnae Ionchúisimh**
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Bóthar na hOtharlainne
Baile Átha Cliath 7
D07 FHN8.

Teil: +353 1 858 8500
Faics: +353 1 642 7406
Láithreán Gréasáin: www.dppireland.ie

# STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN



# ACHOIMRE AR AN bPRÓISEAS IONCHÚISIMH CHOIRIÚIL

## AN GARDA SÍOCHÁNA & SAINGHNÍOMHAIREACHTAÍ IMSCRÚDÚCHÁIN

- Imscrúdaithe coiriúla neamhspleácha a sheoladh
- An chuid is mó de na hionchúisimh achoimre i ndáil le cionta nach cionta tromchúiseacha a sheoladh sa Chúirt Dúiche (faoi réir ag cumhacht an DPP treoir a thabhairt)
- Comhaid a ullmhú agus a chur faoi bhráid Rannán na nAturnaetha in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (cásanna Bhaile Átha Cliath) nó faoi bhráid an aturnae stáit áitiúil (cásanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) i leith cionta tromaí

## RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ (Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath) | ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL (Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath)

- Ionchúisimh achoimre áirithe a sheoladh sa Chúirt Dúiche
- Comhaid imscrúdaithe a chur faoi bhráid Rannán na dTreoracha d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun treoracha a fháil maidir le hionchúiseamh
- Cásanna a ullmhú le haghaidh na cúirte

## RANNÁN NA dTREORACHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ

- Scrúdaíonn comhaid a fhaightear ó Rannán na nAturnaetha agus ó aturnaetha stáit áitiúla
- Stiúraíonn tionscnamh ionchúisimh nó leanúint d'ionchúiseamh
- Ainmníonn abhcóidí chun cásanna a ionchúiseamh ar díotáil (os comhair na Cúirte Cuarda, na Príomh-Chúirte Coiriúla agus na Cúirte Coiriúla Speisialta)
- Soláthraíonn treoir leanúnach agus comhairle dhlíthiúil do Rannán na nAturnaetha agus d'aturnaetha stáit áitiúla go dtí go gcríochnaítear an cás atá á éisteacht
- Tugann comhairle don Gharda Síochána agus do shainghníomhaireachtaí imscrúdúcháin agus tugann treoracha maidir le cúisimh a dhéanamh

## RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ (Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath) | ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL (Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath)

- Treoracha ó Rannán na dTreoracha a chur chun feidhme
- Freastal ar réamhéisteachtaí sa Chúirt Dúiche
- Leabhar Fianaise a ullmhú i gcásanna díotála
- Teagasc agus cúnamh a thabhairt don abhcóide ainmnithe atá ag seoladh an ionchúisimh
- Freastal ar an triail agus tuairisc a thabhairt ar an toradh do Rannán na dTreorach
- Seirbhís idirchaidrimh a sholáthar do ghníomhaireachtaí agus do pháirtithe atá páirteach sa phróiseas coiriúil

## ABHCÓIDE IONCHÚISIMH

- Láithriú sa chúirt agus ionchúisimh ar díotáil a sheoladh thar ceann, agus de réir threoracha, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

## NA CÚIRTEANNA

- Cás le linn éisteachta (díotchúiseamh, triail)
- Toradh an cháis (ciontú/éigiontú)
- Pianbhreith a ghearradh